



Gné den Mhata	Cruth agus Spás - cruthanna déthoiseacha <i>Comhtháthú - Teanga</i>
Scileanna Forbartha	<ul style="list-style-type: none">• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall• Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht• Cumarsáid agus cur in iúl - próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chlárú agus modhanna éagsúla a úsáid chuige sin
Teanga agus Téarmaíocht	ar chlé, ar dheis, suas, síos, x-ais, y-ais, pointe, greille, ceathrú, comhordanáid
Áiseanna	páipéar cearnógach, pinn luaidhe, rialóirí, Uirlis Sórtála Mol Mata (greille), cluiche Mol Mata ar líne





Cur Síos ar an nGníomhaíocht

1 Gníomhaíocht

Ina mbeirteanna agus comhordanáidí sa chéad cheathrú in úsáid acu, cruthaíonn daltaí cluiche 'Longa Cogaidh' dá chéile. Cuireann siad na línte difriúla chun longa ag pointí difriúla ar an ngreille a léiriú. Cruthaíonn siad critéir nó rialacha dá gcluiche, ag míniú na línte difriúla is féidir a úsáid, fad agus cé mhéad uair atá orthu an long a bhualadh sula ndírítear é ón ngreille. Na samplaí féideartha ná:

- Caithfidh cúig long a bheith ar an ngreille
- Caithfidh línte ceartingearacha agus cothrománacha a úsáid chun na longa a léiriú
- Ní féidir línte trasnánacha a úsáid
- Caithfidh long amháin ar a laghad cúig phointe comhordanáidí a chlúdach
- Caithfidh dhá long ar a laghad trí phointe comhordanáidí a chlúdach
- Má bhuailtear long faoi dhó, dírítear é agus caithfidh é a bhaint ón ngreille





Ceisteanna Samplacha

Ceisteanna Dúnta	Ceisteanna Oscailte
<ul style="list-style-type: none">• Cad iad comhordanáidí Longa ___?• Cé mhéad comhordanáid a chlúdaíonn Long ___?• Cén cruth atá le feiceáil ag Pointí ___?• Cén fhad ar dheis atá orm bogadh chun Long ___ ar an ngréille a bhaint amach?• Cén fhad atá sé ó Long ___ go Long ___ ar an ngréille?	<ul style="list-style-type: none">• Cad iad na straitéisí a d'úsáid tú nuair a chuir tú do longa ar an ngréille?• Cad iad na cúinsí a d'imir tionchar ar na cineálacha long a chuir tú ar do ghreille?• Cad iad na straitéisí a d'úsáid tú nuair a rinne tú iarracht an áit a raibh longa do charad a shainaitheint?• Cén fáth a raibh sé níos éasca/níos deacra roinnt long a chur go tóin poill ná longa eile?• Conas is féidir leat an cluiche seo a shocrú ionas go mbeadh sé níos deacra/níos éasca?• Cad a d'fhoghlaim tú faoi chomhordanáidí ón ngníomhaíocht seo?

Difreáil

Socraigh líon long/líon comhordanáidí/treoracha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealáochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

